# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2017

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Staidéar Gnó

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2017

# STAIDÉAR GNÓ - ARDLEIBHÉAL - PÁIPÉAR I

## Réitigh Mholta agus Scéim Mharcála

# ROINN A

## (80 mharc)

**Freagair an 20 ceist ar fad. Tá 4 mharc ag gabháil le gach ceist.**

**1.**

| | |
|---|---|
| **T/S** | Tugtha Síos |
| **MLG** | Mórleabhar Ginearálta |
| **Dr** | Dochar |

**2.**

| | |
|---|---|
| **CAITEACHAS REATHA** | Soilse agus téamh i scoileanna/pánna múinteoirí/costais reáchtála na scoile/soláthairtí scoile. |
| **CAITEACHAS CAIPITIL** | Tógáil scoileanna nua. |

**3.**

| Clár Comhardaithe (sliocht) mar a bhí ag 31-12-2016 | | | |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| | Maoinithe ag | | |
| **(i)** | **Scairchaipiteal** | | 440,000 |
| | Cúlchistí | | **(ii) 180,000** |
| | | | 620,000 |
| | Dliteanais Fhadtéarmacha | | 150,000 |
| **(iii)** | **Caipiteal a Úsáideadh** | | 770,000 |

**4.**

| **Freagra** |
| --- |
| **1.6 : 1** |

| Obair |
| --- |
| (110,000 – 22,000) : 55,000<br>88,000 : 55,000<br>1.6 : 1 |

**5.**

Is leis an Rialtas saoráidí táirgeachta, oibríonn sé iad agus déanann sé bainistíocht orthu e.g. an tSín.
Is leis an Rialtas tosca na táirgeachta agus rialaíonn sé iad e.g. an Chóiré Thuaidh.
Cinneann an Rialtas cad iad na hearraí/seirbhísí a tháirgfear.

---

**6.**

**(i) <u>Cuntas ceannachán</u>**

Dr | Sr

| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
| --- | --- | --- | --- | --- | --- |
| 2017<br>6 Meitheamh | **(ii) Airgead tirim/banc** | 100 | | | |

**(iii) <u>Cuntas airgid thirim/bainc</u>**

Dr | Sr

| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
| --- | --- | --- | --- | --- | --- |
| | | | 2017<br>6 Meitheamh | **(iv) Ceannacháin** | 100 |

**7.**

| Dr | | Cuntas Rialúcháin Féichiúnaithe | | | Sr |
|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
| 2017 | | | 2017 | | |
| 1 Bealtaine | **Iarmhéid t/s** | **1,700** | 31 Bealtaine | **Airgead tirim/banc** | **2,100** |
| 31 Bealtaine | **Díolacháin** | **9,400** | 31 Bealtaine | **Iarmhéid** | **9,000** |
| | | 11,100 | | | 11,100 |
| 1 Meitheamh | Iarmhéid t/s | 9,000 | | | |
| | | | | | |

**NÓ (Formáid Mhalartach)**

| Cuntas Rialúcháin Féichiúnaithe | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Dr | Sr | Iarmhéid |
| 2017 | | € | € | € |
| 1 Bealtaine | **Iarmhéid** | | | **1,700** |
| 31 Bealtaine | **Díolacháin** | **9,400** | | 11,100 |
| 31 Bealtaine | **Airgead tirim/banc** | | **2,100** | **9,000** |
| | | | | |

**8.** Ní féidir leis na scairshealbhóirí/úinéirí rud ar bith a chailliúint ach cibé atá infheistithe acu sa chuideachta má bhreithnítear an chuideachta ina féimheach/ní féidir leo a bheith freagrach as fiacha na cuideachta má bhreithnítear an chuideachta ina féimheach.

**9.**

| | Ráiteas Oibriúcháin | Clár Comhardaithe |
|---|---|---|
| Díolachán Táirgí Gruaige | ✓ | |
| Dímheas ar Threalamh | ✓ | ✓ |
| Árachas | ✓ | |

**10.** (i) Cén deischostas a bhí i gceist? **Ní dheachaigh Bróna go dtí an phictiúrlann**.

(ii) Cén costas airgeadais a bhí i gceist? **Caitheamh €20 ar chreidmheas fóin**.

**11.**

| **Dolman Teo – Leabhar Cúnta Ginearálta** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | F | Dr | Sr |
| | | | € | € |
| | Áitreabh | $MLG_1$ | 555,900 | |
| | Banc | $LA_1$ | **19,000** | |
| | Creidiúnaithe | $MLC_1$ | | **61,000** |
| | Gnáth-Scairchaipitil | $MLG_2$ | | **513,900** |
| | *Sócmhainní, Dliteanais agus Scairchaipiteal Dolman Teo ar an dáta seo.* | | **574,900** | **574,900** |

**12.** Déan idirdhealú idir deontas agus iasacht:

- Ní gá deontas a íoc ar ais ach caithfear iasacht a íoc ar ais.
- Tá deontas saor ó ús ach caithfear iasacht a íoc ar ais le hús.
- Níl urrús de dhíth le haghaidh deontais ach d'fhéadfadh urrús a bheith de dhíth le hiasacht.
- Is é an Rialtas nó an AE a chuireann deontais ar fáil de ghnáth agus is iad institiúidí airgeadais a chuireann iasachtaí ar fáil.

**13.**

**Déantóir**

↓

Mórdhíoltóir

↓

Miondíoltóir

↓

Tomhaltóir

**14.**

| Promóisean | Teideal | € |
|---|---|---|
| 3 ar 2 | An CLG Contae ar Chontae | 29.99 |
| | An Cath | (18.99) |
| | Ag Siúl go Clóchasach | 19.99 |
| | Costas Iomlán | 49.98 |

| **Obair** |
|---|
| **29.99**<br>**+ 19.99**<br>49.98 |

**15.**

| **Freagra**: |
|---|
| **€28.06** |

| Obair: |
|---|
| $\frac{667}{29}$ = **23** × 1.22 = 28.06 |

**16.**

- Coinníonn an t-úinéir na brabúis uile tuille/fhéideartha uile chun saibhreas a thuilleadh.
- Tá tú i do mháistir ort féin/is féidir leat na cinntí ar fad a dhéanamh/is féidir leat d'uaireanta oibre féin a chinneadh.
- Tá níos mó spreagtha/sásaimh as post i gceist.

**17.**

| **1.** | **2.** | **3.** |
|---|---|---|
| D | A | B |

**18.**

| Riviera Teo. – Leabhar Aischur Amach | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Uimh. NC | F | Glan € | CBL € | Iomlán € |
| 31/05/2017 | Sláine Teo | 56 | $MLC_1$ | 1,700 | 391 | 2,091 |

**19.**

| | € |
|---|---|
| Iomlán (gan CBL san áireamh) | 2,800.00 |
| Lascaine Thrádála **30%** | **(840.00)** |
| Fo-iomlán | **1,960.00** |
| CBL **23%** | **450.80** |
| Iomlán (agus CBL san áireamh) | **2410.80** |

**20.**

**(ii)** **Talamh** **(iii)** **Caipiteal** **(iv)** **Saothar**

**80 Marc san Iomlán**

## Le húsáid le Roinn B - Ceist 1 (A)

| TEAGHLACH UÍ DHRISCEOIL | AN CHÉAD BHUISÉAD | | | | AN BUISÉAD LEASAITHE | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **IÚIL** | **LÚN** | **M.F.** | **IOMLÁN** | **IÚIL** | **LÚN** | **M.F.** | **IOMLÁN** | |
| IONCAM PLEANTÁILTE | € | € | € | € | € | € | € | € | |
| Bean Uí Dhrisceoil | 4,200 | 4,200 | 4,200 | 12,600 | 4,830 | 4,830 | 4,830 | 14,490 | 12 fhigiúr ag ½ mharc an ceann = **6m** (gan iomláin san áireamh) |
| An tUas. Ó Drisceoil | 1,600 | 1,600 | 1,600 | 4,800 | - | - | 1,600 | 1,600 | |
| Sochar Leanaí | 420 | 420 | 420 | 1,260 | 420 | 420 | 420 | 1,260 | |
| Eile | | | | | 75 | - | - | 75 | |
| **IONCAM IOMLÁN** | 6,220 | 6,220 | 6,220 | 18,660 | 5,325 | 5,250 | 6,850 | 17,425 | |
| CAITEACHAS PLEANTÁILTE | | | | | | | | | 33 figiúr ag ½ mharc an ceann = **16½** (gan fo-iomláin agus caiteachas iomlán san áireamh) |
| *Seasta* | | | | | | | | | |
| Morgáiste | 750 | 750 | 750 | 2,250 | 750 | 750 | 765 | 2,265 | |
| Aisíocaíochtaí Iasachta | 525 | 525 | 525 | 1,575 | 525 | 5,100 | - | 5,625 | |
| Árachas | 135 | 135 | 135 | 405 | 135 | 162 | 162 | 459 | |
| Fo-iomlán | 1,410 | 1,410 | 1,410 | 4,230 | 1,410 | 6,012 | 927 | 8,349 | |
| *Mírialta* | | | | | | | | | |
| Costais Teaghlaigh | 1,840 | 1,840 | 1,840 | 5,520 | 1,564 | 1,564 | 1,564 | 4,692 | |
| Costais Ghluaisteáin | 225 | 225 | 225 | 675 | 225 | 225 | 225 | 675 | |
| Costais Solais agus Teasa | 300 | | 260 | 560 | 300 | - | 260 | 560 | |
| Costais Teileafóin | 110 | 110 | 110 | 330 | 110 | 110 | 110 | 330 | |
| Fo-iomlán | 2,475 | 2,175 | 2,435 | 7,085 | 2,199 | 1,899 | 2,159 | 6,257 | |
| *Roghnach* | | | | | | | | | |
| Costais Siamsaíochta | 300 | 300 | 300 | 900 | 165 | 165 | 300 | 630 | |
| Féiríní | 280 | | 260 | 540 | 280 | - | 260 | 540 | |
| Saoire | | 3,000 | | 3,000 | - | - | - | - | |
| Fo-iomlán | 580 | 3,300 | 560 | 4,440 | 445 | 165 | 560 | 1,170 | |
| **CAITEACHAS IOMLÁN** | 4,465 | 6,885 | 4,405 | 15,755 | 4,054 | 8,076 | 3,646 | 15,776 | |
| Airgead Glan | 1,755 | (665) | 1,815 | 2,905 | 1,271 | (2,826) | 3,204 | 1,649 | **1 m** |
| Airgead Tosaigh | (800) | 955 | 290 | (800) | (800) | 471 | (2,355) | (800) | 4 × ½ **2 m** |
| Airgead Deiridh | 955 | 290 | 2,105 | 2,105 | 471 | (2,355) | **849** | **849** | An dá cheann ceart **2½ marc** |
| | | | | | | | | | 28 marc san iomlán |

## Le húsáid chun Roinn B a fhreagairt – Ceist 1 (B)

| (i) Ríomh an céatadáin d'ardú. | | Marcanna |
|---|---|---|
| **Freagra**: | **Obair**: | |
| **15%** | 4,830 – 4,200 **[1]** = 630<br>$\frac{630}{4,200} \times \frac{100}{1} = 15\%$<br>**Nó**<br>14,490 – 12,600 [1] = 1890<br>1,890/12,600 × 100= 15% | **1 m** |

| (ii) Mínigh an téarma 'Caiteachas Roghnach'. | |
|---|---|
| Is é seo caiteachas ar earraí neamhriachtanacha/earraí a roghnaímid a cheannach. | **1 m** |

| (iii) Sa Chéad Bhuiséad, ainmnigh mí ina bhfuil an t-ioncam pleanáilte níos mó ná an caiteachas pleanáilte. | |
|---|---|
| **Freagra**: Iúil nó Meán Fómhair | **1 m** |

| (iv) Sa Chéad Bhuiséad, cá mhéad a bhí teaghlach Uí Dhrisceoil ag súil lena choigilt sna trí mhí? | |
|---|---|
| **Freagra**: €2,905 | **2 m** |

| (v) An buiséad maith é an Buiséad Leasaithe? | IS EA | ✓ | *(Cuir tic sa bhosca cuí.)* | **1 m** |
|---|---|---|---|---|
| | NÍ HEA | | | |

Tabhair **cúis** amháin le do fhreagra.

**Cúis 1**:

- Tá siad ag súil lena gcaiteachas roghnach a laghdú ó €4,440 go €1,170.
- Tá siad ag súil leis an iasacht a ghlanadh trí €5,100 a íoc.
- Tá siad ag súil le fiacha €800 a bheith acu ag an tús agus €849 dá sochar a bheith acu ag an deireadh
- Tá siad ag súil go laghdóidh an t-ioncam agus go mbeidh €849 acu ag an deireadh.
- Tá siad ag súil le €1,649 a choigilt i ndiaidh dóibh a n-iasacht a aisíoc.

**6 m**

| | |
|---|---|
| Iomlán | **12 m** |
| Iomlán C.1 | **40 m** |

**Ceist 4 (A) (ii)**

| **Árachas Saoil Cuad Teo**<br>**Foirm Thogra** | | | |
|---|---|---|---|
| ***Freagair gach ceist go hiomlán agus go fírinneach*** | | | |
| **Ainm** | Lisa Ní Aimhirgin | | 1 m |
| **Seoladh** | Sráid Rósmhuire, Ros Cré, Co. Thiobraid Árann | | 1 m |
| **Aois** | 41 | **Singil** ☐ **Pósta** ☑ | Aois 1 m<br>Stádas pósta ½ m |
| **Inscne** **Fireann** ☐ **Baineann** ☑ | | **Ceird** Saighdiúir | ½ m + ½ m |
| **Cineál polasaí atá de dhíth *(Cuir tic)***<br>**Polasaí Dearlaice** ☐ **Polasaí Lánsaoil** ☑ | | | ½ m |
| **Luach an Árachais Saoil atá de dhíth** | | € 250,000 | ½ m |
| ***Cuir tic sa bhosca cuí*** | | | |
| **1. An bhfuil an tsláinte go maith agat?** | | **Tá** ☑ **Níl** ☐ | ½ m |
| **2. An gcaitheann tú tobac?** | | **Caithim** ☐ ☑ **Ní chaithim** | ½ m |
| **3. An ólann tú alcól?** | | **Ólaim** ☐ ☑ **Ní ólaim** | ½ m |
| **4. An dócha go nglacfaidh tú páirt i ngairm bheatha ghuaiseach nó i gcaitheamh aimsire guaiseach?** | | **Is dócha** ☑ **Ní dócha** ☐<br>**Más dócha, tabhair sonraí**<br>Léim Pharaisiúit/Saighdiúir | ½ m + ½ m |
| **Modh Íocaíochta** | | Dochar Díreach | ½ m |
| **Dearbhú**: **Dearbhaím go bhfuil an t-eolas uile a tugadh thuas fíor agus iomlán.**<br>**Síniú**: *Lisa Ní Aimhirgin* **Dáta**: 13 Meitheamh 2017 | | | Síniú ½ m<br>Dáta 1 m |
| | | Iomlán | 10 m |

**Doiciméad le húsáid le Roinn B - Ceist 6 (A)** (ii)

**Obair**

| **Ollphá** | **ÍMAT** |
|---|---|
| 770/35 = 22 — 770<br>5 × (22 + 11) = 165<br>2 × (22 + 22) = 88 — 253<br>1,023 | Ollphá × 40% 409.20<br>Lúide creidmheas cánach 65.00<br>344.20 |
| **Creidmheas Cánach** | **Eile** |
| 3,380/52 = 65 | ÁSPC/MSU= 1,023 × 10.5%<br>= 107.42 |

(ii)

| **Duillín Pá** | | | **Marcanna** |
|---|---|---|---|
| Ainm: | Conchúr Caomhánach | | 1 |
| Seachtain Uimh: | 5 | | 1 |
| | | | |
| Bunphá | €770.00 | | 1 |
| Ragobair | €253.00 | | 4 |
| **Ollphá** | → | €1,023.00 | 2 |
| Creidmheas Cánach | €65.00 | | 2 |
| **Asbhaintí** | | | |
| ÍMAT | €344.20 | | 4 |
| ÁSPC/MSU | €107.42 | | 3 |
| Árachas Sláinte | €40.00 | | 1 |
| Coigiltis | €75.00 | | 1 |
| **Iomlán na nAsbhaintí** | → | €566.62 | |
| **Glanphá** | → | €456.38 | 4 |
| | | Iomlán | 24 |

**Ceist 2 Cuntas Club**

**(A)** (i)

| | | | Marcanna |
|---|---|---|---|
| **Cuntas Trádála Beáir Chlub Rámhaíochta na Maidí Rámha don bhliain dar críoch 31/12/2016** | | | **[2]** |
| Díolacháin | | 19,260 | 5 fhigiúr × 1 m<br>**5 m** |
| Lúide costas na ndíolachán | | | |
| Stoc Tosaigh | 2,100 | | |
| Ceannacháin | 15,300 | | |
| | 17,400 | | |
| Lúide Stoc Deiridh | 2,280 | 15,120 | |
| Brabús Comhlán | | 4,140 | 1 m as focal 2m as figiúr (1 m as FI) |
| | | Iomlán na Marcanna | **10 m** |

(ii)

| | | | | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| **Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Chlub Rámhaíochta na Maidí Rámha don bhliain dar críoch 31/12/2016** | | | | **2 m** |
| Ioncam | **€** | **€** | **€** | **1 m** |
| Brabús comhlán an bheáir | | 4,140 | | 5 fhigiúr × 1 = 5 m<br>*2 fhigiúr × 2m gan an t-iomlán san áireamh<br>**9 m** |
| Caiteachas ar Ghealltа Bád (8270 – 3210) | | 5,060* | | |
| Síntiúis | 9,760 | | | |
| Cuir síntiúis dlite leis | 240 | 10,000 | | |
| Speansais ar Ócáid Tiomsaithe Airgid (9620 – 2670) | | 6,950* | | |
| Urraíocht | | 1,700 | 27,850 | |
| | | | | |
| **Lúide Caiteachas** | | | | **1 m** |
| Árachas | | 6,260 | | 9 bhfigiúr × 1 = 9m gan an t-iomlán san áireamh |
| Dímheas: trealamh | | 2,505 | | |
| Deisiúcháin ar threalamh | | 140 | | |
| Speansais ghinearálta | 5,740 | | | |
| Lúide speansais réamhíoctha | 720 | 5,020 | | |
| Solas agus teas | 6,210 | | | |
| Solas agus teas dlite | 210 | 6,420 | 20,345 | |
| Farasbarr/ barrachas ioncaim thar caiteachas | | | 7,505 | **2 m** (1 as focail agus 1 as figiúr) |
| | | | Iomlán na Marcanna | **24 m** |

*(34 marc)*

**(B)** (i) Cisteoir 2 mharc

(ii)

- D'fhéadfadh an club iarratas a dhéanamh ar dheontas, arb é sin méid airgid nach bhfuil le híoc ar ais.
- D'fhéadfadh an club iasacht phobail a fháil ó Chomharchumann áitiúil, arb é sin iasacht speisialta a thugann Comharchumainn d'eagraíochtaí pobail ag rátaí úis níos ísle.
- D'fhéadfadh an club urraíocht a fháil, rud a chiallaíonn go dtugann gnólacht áitiúil nó duine áitiúil saibhir airgead don chlub.
- D'fhéadfadh an club iasacht mheánteármach nó fadtéarmach a fháil. Is iad sin iasachtaí a bhfuil tréimhse aisíocaíochta níos mó ná bliain amháin ag gabháil leo.
- D'fhéadfadh an club tobhach a ghearradh ar bhaill. Is é sin táille ar bhaill chlub de mhéid airgid le haghaidh cuspóir sonraithe.

1 mharc as é a lua agus 3 mharc as é a mhíniú.
4 mharc

*(6 mharc)*
**40 Marc san Iomlán**

**Ceist 3 Fás Geilleagracha agus Trádáil Idirnáisiúnta**

**(A)** (i) Olltáirgeacht Intíre 3 mharc

(ii) **Trí** shochar d'Éirinn a bhaineann le bheith ina ball den Aontas Eorpach.

- Tá rochtain ag Éirinn ar mhargadh níos mó le haghaidh easpórtálacha.
- Ciallaíonn saorghluaiseacht gur féidir le daoine (lena n-áirítear oibrithe) gluaiseacht faoi shaoirse idir stáit an AE.
- Bhí Éire ábalta leas a bhaint as maoiniú tarrthála le linn na géarchéime airgeadais/BCE.
- Faigheann Éire deontais i leith tionscadail bhonneagair/talmhaíochta.
- Cuirfidh an Banc Eorpach Infheistíochta maoiniú ar fáil le haghaidh tithe a thógáil in Éirinn.
- Tá níos mó iomaíochta agus praghsanna níos saoire do thomhaltóirí Éireannacha.
- Is áit mhealltach í Éire le haghaidh infheistíocht dhíreach eachtrach.
- Saorghluaiseacht earraí agus seirbhísí idir na ballstáit.
- Rochtain ar an airgeadra aonair.
- Cothaíonn sé naisc idir na ballstáit.

(Sochair 3 × 3) = 9 marc

(iii) Tionchar amháin ar easpórtálaithe go dtí an Bhreatain:

- D'fhéadfadh an Bhreatain taraifí a thabhairt isteach ar earraí a easpórtáiltear ó stáit AE eile.
- D'fhéadfadh sé go mbeadh earraí Éireannacha níos daoire sa Bhreatain.
- Beidh an ráta malairte idir steirling agus an euro neamhchobhsaí.
- Méadú ar chostais mar gheall ar níos mó páipéarachais, seiceálacha custaim agus moilleanna.

3 mharc

Tionchar amháin ar dhaoine ag taisteal go dtí an Bhreatain:

- D'fhéadfadh víosaí agus pasanna a bheith de dhíth chun taisteal go dtí an Bhreatain.
- D'fhéadfadh níos mó rialuithe teorainn agus seiceálacha slándála a bheith ann.

3 mharc

***(18 marc)***

**(B)** Tionchar méadaithe ar an bhfás geilleagrach.

(i) Tiocfaidh méadú ar fhostaíocht/beidh níos mó post ar fáil/tiocfaidh laghdú ar an ráta dífhostaíochta.
(ii) Tiocfaidh laghdú/méadú ar íocaíocht coimirce sóisialta.
(iii) Tiocfaidh méadú ar ioncam an Rialtais.

3 x 2 mharc = ***(6 mharc)***

**(C)** (i) Tagraíonn easpórtálacha sofheicthe do **dhíolachán earraí fisiceacha le tíortha eile** e.g. táirgí déiríochta agus

Tagraíonn easpórtálacha dofheicthe do **dhíolachán seirbhísí le tíortha eile** e.g. bannaí Éireannacha ag taibhiú thar lear nó turasóirí ag tabhairt cuairt ar Éirinn.

(Mínithe 2 × 2m)
(Samplaí 2 × 1m)

(ii) Comhardú na Trádála agus comhardú na nÍocaíochtaí:

| | | Marcanna |
|---|---|---|
| **Comhardú na Trádála** | | 1 m |
| Easpórtálacha Sofheicthe | €3,620m | 3 × 1 m<br>1 m as an bhfocal barrachas |
| Iompórtálacha Sofheicthe | €3,330m | |
| Barrachas | €290m | |
| | Iomlán | 5 m |

| | | Marcanna |
|---|---|---|
| **Comhardú na nÍocaíochtaí** | | 1 m |
| Iomlán na nEaspórtálacha | €6,290m | 3 × 1 m<br>1 m as an bhfocal barrachas |
| Iomlán na nIompórtálacha | €5,930m | |
| Barrachas | €360m | |
| | Iomlán | 5 m |

***(16 mharc)***
**40 Marc san Iomlán**

**Malairt**

| | | |
|---|---|---|
| Easpórtálacha Sofheicthe | 3,620m | |
| Iompórtálacha Sofheicthe | 3,330m | |
| Comhardú bharrachas na trádála | | 290m |
| | | |
| Easpórtálacha Sofheicthe | 2670m | |
| Iompórtálacha Sofheicthe | 2600m | |
| Glantuilleadh dofheicthe | | 70m |
| Comhardú bharrachas na n-íocaíochtaí | | 360m |

**Ceist 4 Ceist í seo a Bhaineann le hÁrachas**

**(A)** (i)

An tSráid Ard
Biorra
Co. Uíbh Fhailí

Lisa Ní Aimhirgin, Uasal
Sráid Rósmhuire
Ros Cré
Co. Thiobraid Árann

15 Bealtaine 2017

Maidir le: Árachas Dearlaice agus Árachas Lánsaoil

A Lisa/A Uasail Uí Aimhirgin, a chara,

Táim ag scríobh chugat maidir le d'iarratas ar eolas faoin difríocht idir polasaithe Árachais Dearlaice agus Árachais Lánsaoil.

Is éard is Árachas Dearlaice ann nuair a íoctar méid comhaontaithe airgid nuair a shlánaíonn an t-árachaí aois áirithe nó nuair a fhaigheann an t-árachaí bás, cibé acu is túisce a tharlóidh. Is éard is Árachas Lánsaoil ann nuair a íoctar méid comhaontaithe airgid le cleithiúnaithe an árachaí nuair a fhaigheann an duine bás.

Má theastaíonn tuilleadh comhairle ort ná bíodh drogall ar bith ort teagmháil a dhéanamh liom.

Mise le meas,

______________________

Dáithí Ó Lúing/Daithí

| Scéim mharcála don litir | |
|---|---|
| 2 sheoladh × 1 | 2m |
| Dáta × 1 | 1m |
| Maidir le: × 1 | 1m |
| Beannú tosaigh × 1 | 1m |
| Beannú deiridh × 1 | 1m |
| Síniú | 1m |
| Leagan amach na litreach iomlán | 7m |

| | |
|---|---|
| Ráiteas tosaigh 2m, ráiteas deiridh 2m | 4m |
| Difríocht mínithe 2 × 3 | 6m |
| Slachtmhaireacht agus cur i láthair | 1 + 1m |
| Iomlán | 19 marc |

Ceist 4

(ii) Féach Roinn A, leathanach 11. 10 marc

(iii) Actúire 3m

***(32 marc)***

**(B)**

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Teach** | $\frac{240,000\ [½]}{15,000\ [½]}$ | = | 16 | × | €16 [½] | = | | €256.00 [1] |
| **Inneachar** | $\frac{70,000\ [½]}{5,000\ [½]}$ | = | 14 | × | €28 [½] | = | €392.00 [1] | |
| **Lúide Lascaine** | 15% den inneachar €392.00 [1] FI | | | | | = | (€58.80) | €333.20 [1] |
| **Préimh** | | | | | | | | €589.20 [1] |
| | | | | | | | ***Iomlán na Marcanna*** | ***8 m*** |

**40 Marc san Iomlán**

| | **Achoimre ar na Marcanna** | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Litir | 19 marc | |
| | Foirm | 10 marc | |
| | Achtúire | 3 mharc | |
| **(B)** | Ríomh an árachais | 8 marc | |
| | | Iomlán na Marcanna | 40 marc |

**Ceist 5 Baincéireacht**

**(A)** (i) Cuntas reatha is ea cuntas Mhairéad mar gheall ar na míreanna seo a leanas:

- Seiceanna
- Buanorduithe
- Dochar Díreach
- Táillí Bainc
- Rótharraingt bhainc

Cuntas reatha 1 m
Cúis amháin 2 m

(ii) Feictear DR ar an ráiteas seo mar go bhfuil cuntas Mhairéad rótharraingthe.
Níl go leor airgid ina cuntas/fuair sí cead ón mbanc níos mó airgid ná mar a bhí aici ina cuntas a chaitheamh.

Rótharraingt 1 m
Míniú 2 m

(iii) An 8 Bealtaine 2017 íocadh dochar díreach as cuntas Mhairéad. Is é seo **comhaontú** le Energia cead a thabhairt dóibh **méideanna athraitheacha/socraithe** a bhaint amach as a cuntas ar **dhátaí athraitheacha/socraithe**. (3)

An 17 Bealtaine 2017, íocadh buanordú as cuntas Mhairéad. Thug sí **ordú dá banc méid socraithe** (€66) a bhaint/a íoc amach ar **dháta socraithe** (17ú lá de gach mí) agus é a íoc le Vodafone. (3)

(iv) Modh is ea Pá-chonair a úsáideann **fostóir** Mhairéad **chun a pá/tuarastal a íoc/aistriú go díreach/go leictreonach** isteach ina **gcuntas bainc**.

Míniú (1, 1, 1m) = 3 m

Dhá bhuntáiste do Mhairéad:

- Tá fáil ar an bpointe aici ar a pá ar líne nó trí UMB.
- Is bealach níos sábháilte é ná airgead tirim a fháil.
- Tá sé príobháideach agus faoi rún.
- Tá sé níos áisiúla ná dul chuig an mbanc leis an airgead a lóisteáil.
- Is féidir é a úsáid chun a rótharraingt a laghdú go gasta.

(2 × 2 m) = 4 m

(v) Ciallaíonn sé gur **íoc** Mairéad, €1000 le **Víosa AIB** trí **baincéireacht idirlín**.

Míniú (1, 1, 1m) = 3 m

(vi) Dhá mír atá san áireamh i dtáillí bainc:

e.g. aistrithe creidmheasa, UMB, dochar díreach, buanorduithe, Dochar Víosa, airgead tirim a lóisteáil agus a aistarraingt, idirbhearta baincéireachta ar líne etc.

(2 × 2 m) = 4 m

(vii) Seasann UMB d'Uathmheaisín Bainc.

3 m

Seirbhísí atá ar fáil do Mhairéad ón UMB:

- Billí áirithe a íoc
- Airgead tirim a lóisteáil
- Airgead tirim a aistarraingt
- UAP a athrú
- Iarmhéid a cuntais a sheiceáil
- Creidmheas fóin a cheannach
- Ráiteas bainc a ordú
- Mionráiteas a phriontáil.

Dhá sheirbhís (2, 2 m) = 4 m

***(33 marc)***

**(B)**

| | | Marcanna |
|---|---|---|
| Iarmhéid de réir Ráiteas Bainc 31/05/2017 | €351.00 | 1 |
| Lúide seic neamhthairgthe (560813) | (€400.00) | 2 |
| Cuir lóisteáil nár cuireadh do shochar fós leis | €50.00 | 2 |
| Iarmhéid Ráitis Bhainc Coigeartaithe 31/05/2017 | €1.00 | 2 |
| | *Iomlán* | ***(7 marc)*** |

**40 Marc san Iomlán**

| **Achoimre ar na marcanna** | |
|---|---|
| **(A)** | 33 |
| **(B)** | 7 |
| **Iomlán** | 40 |

**Ceist 6 Ceist í seo faoi Phá agus faoi Dhaoine ag Obair**

**(A)** (i) Is éard is Bunphá ann íocaíocht as **gnáthsheachtain oibre/seachtain oibre ar conradh/seachtain oibre chomhaontaithe** agus

Is éard is Ragobair ann pá breise as uaireanta **oibre sa bhreis ar an ngnáthsheachtain** oibre.

Difríocht mínithe (3 + 3)

6 m

(ii) Duillín pá: Féach Roinn A, leathanach 12.

24 m

(iii) Asbhaintí reachtúla:

- ÍMAT 1 m
- MSU/ÁSPC. 1 m

*(32 marc)*

**(B)** (i) Is éard is sochar comhchineáil ann íocaíocht neamhairgid/luach saothair neamhairgeadais/ioncam neamhairgeadaíochta in áit airgead tirim a fhaigheann fostaí ó fhostóir.

e.g. carr cuideachta, béilí fóirdheontais, agus árachas sláinte, taisteal saor in aisce.

Míniú 1 × 2m = 2 m
Samplaí 2 × 1 m= 2 m

(ii) Ceart Chonchúir

- Timpeallacht oibre shábháilte.
- Go n-íocfaí an t-íosphá/pá cóir ar a laghad leis.
- Tá sé i dteideal duillín pá/conradh scríofa a fháil.
- Tá sé i dteideal saoire bhliantúil, saoire bhreoiteachta, saoire atharthachta etc.
- Go gcaithfí go cóir leis gan idirdhealú ar bith.
- Tá sé i dteideal a bheith cosanta i gcoinne dífhostú neamhchóir.
- Tá an ceart aige ballraíocht a ghlacadh i gceardchumann.

2 × 2 m = 4 m
***(8 marc)***
**40 Marc san Iomlán**

| **Achoimre ar na marcanna** | |
|---|---|
| **(A)** | 32 |
| **(B)** | 8 |
| | |
| **Iomlán** | 40 |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 240 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 240 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 180 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 181 - 183 | 17 |
| 184 - 186 | 16 |
| 187 - 190 | 15 |
| 191 - 193 | 14 |
| 194 - 196 | 13 |
| 197 - 200 | 12 |
| 201 - 203 | 11 |
| 204 - 206 | 10 |
| 207 - 210 | 9 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 211 - 213 | 8 |
| 214 - 216 | 7 |
| 217 - 220 | 6 |
| 221 - 223 | 5 |
| 224 - 226 | 4 |
| 227 - 230 | 3 |
| 231 - 233 | 2 |
| 234 - 236 | 1 |
| 237 - 240 | 0 |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2017

# STAIDÉAR GNÓ - ARDLEIBHÉAL - PÁIPÉAR II

## Réitigh Mholta agus Scéim Mharcála

## C.1 Ceist í seo a bhaineann le leabhar túsiontrála, le mórleabhar agus le comhardú trialach

| LEABHAR NA nDÍOLACHÁN de chuid SCIATHÁN LEATHAIR Teo | | | | | | | Marcanna |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Dáta** 2017 | **Sonraí** | **SONRASC** | **F** | **GLAN €** | **CBL €** | **IOMLÁN €** | |
| 01/05 | MADRA RUA Teo | 2 | MLF | 80,000 | 18,400 | 98,400 | ½ + ½ + ½ |
| 09/05 | GIORRIA Teo | 3 | MLF | 44,000 | 10,120 | 54,120 | ½ + ½ + ½ |
| | | (1) | | 124,000 | 28,520 | 152,520 | 3 + 1 (4) |

| LEABHAR NA gCEANNACHÁN de chuid SCIATHÁN LEATHAIR Teo | | | | | | | Marcanna |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Dáta 2017** | **Sonraí** | **SONRASC** | **F** | **GLAN €** | **CBL €** | **IOMLÁN €** | |
| 24/05 | CEARC Teo | 7 | MLC | 36,000 | 8,280 | 44,280 | ½ + ½ + ½ |
| | | (1) | | | | | 1½ + 1 (2½) |

| LEABHAR AIRGID ANAILÍSITHE de chuid SCIATHÁN LEATHAIR Teo (Taobh an Dochair) | | | | | | | | | Marcanna |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Dáta 2017** | **Sonraí** | **Admháil Uimh. (1)** | **F** | **Iomlán Bainc €** | **Díolacháin €** | **CBL €** | **Scairchaipiteal €** | **Féichiúnaithe €** | |
| 07/05 | Scairshealbhóir | 3 | MLG | 120,000 | | | 120,000 | | ½ + ½ |
| 28/05 | GIORRIA Teo | 4 | MLF | 35,000 | | | | 35,000 | ½ + ½ |
| 31/05 | Díolacháin | | MLG | 51,660 | 42,000 | 9,660 | | | ½ + ½ + ½ |
| | | | | 206,660 | 42,000 | 9,660 | 120,000 | | |
| 01/06 | Iarmhéid t/s | | | 161,280 | | | | | |
| | | | | | | | | 4½ (3½ + 1) | |

| LEABHAR AIRGID ANAILÍSITHE de chuid SCIATHÁN LEATHAIR Teo (Taobh an tSochair) | | | | | | | | Marcanna |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Dáta 2017** | **Sonraí** | **Seic Uimh.** (1) | **F** | **Iomlán Bainc €** | **Ceannacháin €** | **CBL €** | **Árachas €** | |
| 12/05 | Ceannacháin | 30 | MLG | 31,980 | 26,000 | 5,980 | | ½ + ½ + ½ |
| 17/05 | Árachas | 31 | MLG | 13,400 | | | 13,400 | ½ + ½ |
| | | | | 45,380 | 26,000 | 5,980 | 13,400 | |
| 31/05 | Iarmhéid t/a | | | 161,280 | | | | (1) |
| | | | | 206,660 | | | | |
| | | | | | | | | 4½ (3½ + 1) |
| | | | | | | | | |

**C.1 ar lean**

| Dáta 2017 | Sonraí | F | Iomlán € | Dáta 2017 | Sonraí | F | Iomlán € | Marcanna |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **MÓRLEABHAR GINEARÁLTA** | | | | | | | | |
| | | | **Cuntas Scairshealbhóra** | | | | | **[1]** |
| | | | | 07/05 | Banc | LAM | 120,000 | 1 |
| | | | **Cuntas Díolachán** | | | | | **[2]** |
| | | | | 31/05 | Iomlán Glanfhéichiúnaithe | LLD | 124,000 | 1 |
| | | | | 31/05 | Banc | LAM | 42,000 | 1 |
| | | | | | | | 166,000 | |
| | | | **Cuntas Ceannachán** | | | | | **[2]** |
| 31/05 | Iomlán Glanchreidiúnaithe | LLC | 36,000 | | | | | 1 |
| 31/05 | Banc | LAM | 26,000 | | | | | 1 |
| | | | 62,000 | | | | | |
| | | | **Cuntas CBL** | | | | | **[5]** |
| 31/05 | Ceannacháin Chreidmheasa | LLC | 8,280 | 31/05 | Díolacháin Chreidmheasa | LLD | 28,520 | 1 + 1 |
| 31/05 | Ceannacháin Airgid | LAM | 5,980 | 31/05 | Díolacháin Airgid | LAM | 9,660 | 1 + 1 |
| 31/05 | Iarmhéid t/s | | 23,920 | | | | | 1 |
| | | | 38,180 | | | | 38,180 | |
| | | | | 01/06 | Iarmhéid t/s | | 23,920 | |
| | | | **Cuntas Árachais** | | | | | **[1]** |
| 17/05 | Banc | LAM | 13,400 | | | | | |
| | | | | | | | | |
| **MÓRLEABHAR FÉICHIÚNAITHE** | | | | | | | | |
| | | | **CUNTAS GIORRIA Teo** | | | | | **[3]** |
| 09/05 | Díolacháin | LLD | 54,120 | 28/05 | Banc | LAM | 35,000 | 1 + 1 |
| | | | | 31/05 | Iarmhéid t/s | | 19,120 | 1 |
| | | | 54,120 | | | | 54,120 | |
| 01/06 | Iarmhéid t/s | | 19,120 | | | | | |
| | | | **Cuntas MADRA RUA Teo** | | | | | **[1]** |
| 01/05 | Díolacháin | LLD | 98,400 | | | | | 1 |
| | | | | | | | | |
| **MÓRLEABHAR CREIDIÚNAITHE** | | | | | | | | |
| | | | **Cuntas CEARC Teo** | | | | | **[1]** |
| | | | | 24/05 | Ceannacháin | LLC | 44,280 | 1 |
| | | | | | | | | |

**C.1 ar lean**

| Comhardú Trialach de chuid SCIATHÁN LEATHAIR Teo mar a bhí ar 31/05/2017 | | | Marcanna |
|---|---|---|---|
| | **Dr €** | **Sr €** | |
| Banc | 161,280 | | ½ |
| Scairshealbhóir | | 120,000 | ½ |
| Díolacháin | | 166,000 | ½ |
| Ceannacháin | 62,000 | | ½ |
| CBL | | 23,920 | ½ |
| Árachas | 13,400 | | ½ |
| GIORRIA Teo | 19,120 | | ½ |
| MADRA RUA Teo | 98,400 | | ½ |
| CEARC Teo | | 44,280 | ½ |
| | 354,200 | 354,200 | |

**Achoimre na Marcanna**

| | |
|---|---|
| Leabhar Díolachán | 4 |
| Leabhar Ceannachán | 2½ |
| Leabhar Airgid Anailísithe | 9 |
| Mórleabhar | 16 |
| Comhardú Trialach | 4½ |
| Dátaí | 2 |
| Fóilió | 2 |
| Iomlán | 40 |

**C.2 Ceist í seo a bhaineann le díolacháin agus ceannacháin, le doiciméid ghnó agus le leabharchoimeád**

**C.2 (A)** (i)

| | **Trí** mhír thábhachtacha eolais a thugtar i Luachan | **Marcanna 6** |
|---|---|---|
| 1 | Dáta na luachana | 2 |
| 2 | Ráta lascainí | 2 |
| 3 | Sonraí an tSeachadta | 2 |

**C.2 (A)** (ii)

| | **Dhá Chúis** | **Marcanna 8** |
|---|---|---|
| 1 | Comparáid a dhéanamh idir praghsanna, cáilíocht agus téarmaí soláthróirí éagsúla | 4 |
| 2 | Ceannach éifeachtach/bíonn cinnteoireacht níos fearr mar thoradh air | 4 |

**C.2 (b)** (i)

| **Freagra** | **Ríomhanna** | **Marcanna 4** |
|---|---|---|
| **Corrlach faoin gcéad in aghaidh na t-léine 33.33%** | $\frac{\text{Brabús}}{\text{Praghas Díola}} \times \frac{100}{1}$ $\frac{€0.90\ (1)}{€2.70\ (2)} \times \frac{100}{1} = 33.33\%$ | 4 |

**C.2 (B)** (ii)

| **Ioncam pleanáilte** | **Ríomhanna** | **Marcanna** |
|---|---|---|
| **€ 540,000** (2) | Líon na n-earraí a díoladh × praghas díola<br>200,000 (1) × €2.70 (1) = €540,000 | 4 |

**Le húsáid le C.2 (C)** (i)

| **T - L Teo, Bóthar an Charnabhail, Ceatharlach** | | | **NÓTA CREIDMHEASA Uimh. 40** | **Marcanna** |
|---|---|---|---|---|
| Teileafón: 059 9152659 | | | Cláruimhir CBL. IE 3445271 | |
| **Chuig**: BIONGÓ Teo | | | Dáta: 13/06/2017 | (1 + 1) |
| Sráid an Chaisleáin | | | | |
| Ceatharlach | | | D'Ordú: 45 | |
| (1) | (1) | (1) | (1) | |
| **MÉID** | **CUR SÍOS** | **PRAGHAS AN CEANN €** | **IOMLÁN €** | |
| 1,000 | T-léinte | 1.80 | 1,800.00 | |
| | **Cúis**: T-léinte Stróicthe | | | (1) |
| | | Iomlán (gan CBL san áireamh | 1,800.00 | (0) |
| | | Lascaine Thrádála | 360.00 | (1) |
| | **E & EE** | Fo-iomlán | 1,440.00 | (0) |
| | | CBL | 331.20 | (1) |
| | | Iomlán (agus CBL san áireamh) | 1,771.20 | (2) |
| | | | | **(11)** |

**C.2 (C)** (ii) **Leabhar na nAischur Isteach de chuid T - L Teo**

| Dáta 2017 | Sonraí | Nóta Creidmheasa Uimh. | F | Glan € | CBL € | Iomlán € | Marcanna |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 13/06 | BIONGÓ Teo | 40 | MLF | 1,440.00 | 331.20 | 1,771.20 | |
| 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | (7) |

**Achoimre na Marcanna**

| (A) | (B) | (C) |
|---|---|---|
| 14 | 8 | 18 |

## C.3 Baineann an cheist seo le plean margaíochta agus gnó

| **(A)** (i) | **Dhá** mhodh taighde margaíochta le samplaí | **Marcanna 8** |
|---|---|---|
| 1 | Taighde Deisce. Sampla: foilseacháin an rialtais/irisí/idirlíon. | 2 + 2 |
| 2 | Taighde Allamuigh. Sampla: suirbhéanna/ceistneoirí/breathnóireacht dhíreach. | 2 + 2 |

| **(A)** (ii) | Míniú agus sampla ar spriocmhargadh | **Marcanna 4** |
|---|---|---|
| Míniú | Grúpa daoine is ea spriocmhargadh ar a ndíríonn gnólacht a tháirgí. | 2 |
| Samplaí | D'fhéadfadh lúthchleasaithe spóirt e.g. Asics bheith ina spriocmhargadh do mhonaróir coisbhirt | 2 |

| **(B)** (i) | Míniú agus sampla ar ghné díola uathúil | **Marcanna 3** |
|---|---|---|
| Míniú | Gné táirge a dhéanann an táirge níos fearr ná ceann a iomaitheoirí. | 1 |
| Sampla | Ráthaítear go mairfidh Péinteanna seachtracha Péint SMP Teo ar feadh sé bliana. | 2 |

| **(B)** (ii, iii agus iv) | **PLEAN GNÓ** | Marcanna |
|---|---|---|
| Ainm na Cuideachta | *PÉINTEANNA SMP Teo* | 1 |
| Seoladh | *Sráid na Líne, Inis, Co. an Chláir* | 1 |
| Stiúrthóirí | ***Seán Ó Móráin Máire Ní Chonchúir Pádraig Mac Craith*** | 0 |
| Bainisteoir Margaíochta | *Seán Ó Móráin* | 1 |
| Bainisteoir Airgeadais | *Pádraig Mac Craith* | 1 |
| Bainisteoir Táirgeachta | *Máire Ní Chonchúir* | 1 |
| Banc na Cuideachta | *Banc na hÉireann* | 1 |
| **Cur síos ar an Táirge** | | |
| | *Raon na bpéinteanna seachtracha a ráthaítear go mairfidh siad ar feadh sé bliana* | 2 |
| **Taighde margaidh** | | |
| Méid an Spriocmhargaidh | *500,000 teaghlach* | 1 |
| Príomhiomaitheoirí | *TUAR CEATHA Teo, DATH Teo agus RÍ Teo* | 6 |
| Praghas díola in aghaidh an teaghlaigh | *€450* | 1 |
| **Modhanna Tionscnaimh Díolachán** | | |
| (i) | *Fógraíocht teilifíse* | 1 |
| (ii) | *Suíomh gréasáin* | 1 |
| (iii) | *Teach Taispeána* | 1 |
| **Maoiniú** | | |
| An Méid a Iarradh | *€800,000* | 1 |
| An Méid atá ar Fáil | *€610,000* | 2 |
| An Méid atá le fáil ar Iasacht | *€190,000* | 2 |
| Síniú na Stiúrthóirí | ***Seán Ó Móráin, Máire Ní Chonchúir, Pádraig Mac Craith*** | 0 |
| Dáta | *13 Meitheamh 2017* | 1 |
| | | **[25]** |

### Achoimre na Marcanna

| A | B | Iomlán |
|---|---|---|
| 12 | 28 | 40 |

**C.4 Ceist í seo a bhaineann le cuntais chríochnaitheacha agus le clár comhardaithe**

**(A)**

| 1½ | | 1 | 1½ | | [4] |
|---|---|---|---|---|---|
| **Cuntas Leithghabhála Trádála, Brabúis agus Caillteanais de chuid SAM Teo don bhliain dar críoch 31/12/2016** | | | | | **Marcanna** |
| | | € | € | € | |
| | Díolacháin | | | 420,000 | ½ |
| | **Lúide Costas Díolachán** | | | | |
| 01/01/2016 | Stoc Tosaigh | | 27,000 | | ½ |
| | Ceannacháin | | 218,000 | | ½ |
| | Carraeireacht Isteach | | 7,000 | | ½ |
| | | | 252,000 | | |
| 31/12/2016 | Lúide Stoc Deiridh | | 40,000 | 212,000 | ½ + **0** |
| | **Brabús comhlán** | | | **208,000** | 2 (**1**+1) |
| | **Cuir Gnóthachain leis** | | | | |
| | Ús Infhála | | 4,000 | | ½ |
| | Cuir ús infhála atá dlite leis | | 1,000 | 5,000 | ½ + ½ |
| | | | | 213,000 | 0 |
| | **Lúide Speansais** | | | | |
| | Árachas | 18,000 | | | ½ |
| | Lúide árachas réamhíoctha | 6,000 | 12,000 | | ½ + ½ |
| | Drochfhiacha | | 13,000 | | ½ |
| | Pánna | 74,000 | | | ½ |
| | Cuir pánna atá dlite leis | 16,000 | 90,000 | | ½ + ½ |
| | Dímheas: Áitreabh | 7,240 | | | ½ |
| | Trealamh | 18,000 | 25,240 | 140,240 | ½ + ½ + 0 |
| | **Glanbhrabús** | | | **72,760** | 3 (**1** + 2) |
| | Lúide Díbhinní a íocadh | | | 14,000 | ½ |
| | | | | 58,760 | **0** |
| | Cuir cúlchistí Tosaigh leis | | | 18,000 | 1 |
| | **Cúlchistí** | | | 76,760 | **0** |
| | | | | | **[19½]** |

**C.4 (A) ar lean**

| ½ | 1 | ½ | | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| **Clár Comhardaithe** | **SAM Teo** | **amhail 31/12/2016** | | |
| **Sócmhainní seasta** | **Costas €** | **Dímheas €** | **NBV €** | |
| Áitreabh | 181,000 | 7,240 | 173,760 | ½ + ½ + ½ |
| Trealamh | 150,000 | 18,000 | 132,000 | ½ + ½ + ½ |
| Iomlán Sócmhainní Seasta | 331,000 | 25,240 | 305,760 | ½ + ½ + ½ |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Stoc Deiridh | 40,000 | | | ½ |
| Féichiúnaithe | 47,600 | | | ½ |
| Airgead Tirim | 3,900 | | | ½ |
| Banc | 13,000 | | | ½ |
| Ús infhála atá dlite | 1,000 | | | ½ |
| Árachas réamhíoctha | 6,000 | 111,500 | | ½ + 0 |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | | |
| Creidiúnaithe | 14,500 | | | ½ |
| Pánna atá dlite | 16,000 | 30,500 | | ½ + 0 |
| **Caipiteal Oibre** | | | 81,000 | |
| **Iomlán Glansócmhainní** | | | 386,760 | ½ + 0 |
| Maoinithe ag | **Údaraithe** | **Eisithe** | | ½ + ½ |
| 350,000 gnáthscair ar €1 | 350,000 | 280,000 | | ½ + ½ |
| Cuir Cúlchistí leis | | 76,760 | 356,760 | ½ + 0 |
| **Dliteanais Fhadtéarmacha** | | | | |
| Iasacht 20 bliain | | | 30,000 | ½ |
| **Caipiteal a Úsáideadh** | | | 386,760 | ½ + 0 |
| | | | | **[14½]** |

**(B)** Eascraíonn drochfhiacha nuair nár íocadh **(2m)** as earraí a díoladh ar chreidmheas **(3m)**.

| **Achoimre na Marcanna** | | |
|---|---|---|
| (A) Cuntas Leithghabhála Trádála, Brabúis agus Caillteanais | 19½ | |
| Clár Comhardaithe | 14½ | 34 |
| Cur i Láthair | | 1 |
| | | 35 |
| (B) | | 5 |
| | | 40 |

**C.5 Ceist í seo faoi ghnólacht a mheasúnú**

**(A)**

| | **Cúiseanna le haghaidh measúnú a dhéanamh ar ghnólacht** | **Marcanna (6)** |
|---|---|---|
| 1 | Feidhmíocht Ghnólachta i mbliain amháin a chur i gcomparáid lena fheidhmíocht i mbliain eile. | 3 |
| 2 | Le bheith ábalta fadhbanna a shainaithint ag céim luath. | 3 |

**(B)** (i)

| | **Comparáid** | **Marcanna (12)** |
|---|---|---|
| 1 | In 2016 tháinig laghdú 6.5% go 6% ar chorrlach an ghlanbhrabúis. Ní rud maith é sin. | 1 + 2 + 1 |
| 2 | In 2016 mhéadaigh ráta an láimhdeachais stoic ó 2 uair go 3 huaire. Is rud maith é sin. | 1 + 2 + 1 |
| 3 | In 2016 mhéadaigh an cóimheas reatha ó 2.3 : 1 go 2.5 : 1. Is rud maith é sin. | 1 + 2 + 1 |

**(B)** (ii)

| **Cóimheas Míshásúil** | **Bealach le 1 a fheabhsú** | **Bealach le 2 a fheabhsú** | **Marcanna (6)** |
|---|---|---|---|
| Corrlach an ghlanbhrabúis | Méadaigh na díolacháin | Laghdaigh an caiteachas/ laghdaigh an costas díolachán | 2 + 2 + 2 |

**(C)** (i)

| **Freagra** | **Obair** | **Marcanna (6)** |
|---|---|---|
| 5% | $\frac{€75{,}000\ (1)}{€1{,}500{,}000\ (1)} \times \frac{100}{1}$ | 6 |

**(C)** (ii)

| | **Rioscaí** | **Marcanna (6)** |
|---|---|---|
| 1 | Má tá an aimsir ró-olc le dul ag iascaireacht ann, titfidh na díolacháin agus titfidh na brabúis mar thoradh air sin. | 3 |
| 2 | Dhúnfaí BIAMARA Teo agus chaillfeadh Gráinne a hinfheistíocht. | 1 + 2 |

**(C)** (iii)

| **Freagra** | **Cúis** | **Marcanna (4)** |
|---|---|---|
| **Sea,** ba chóir do Ghráinne infheistíocht a dhéanamh in BIAMARA Teo (2) | Is ionann an toradh ar chaipiteal a úsáideadh agus **5%,** is ionann an toradh ar an gcuntas taisce agus 2% go díreach. (2) | 2 + 2 |

**Achoimre na Marcanna**

| | |
|---|---|
| A | 6 |
| B | 34 |
| Iomlán | 40 |

**C.6 Ceist í seo a bhaineann le caidreamh tionsclaíoch**

**(A)** (i)

| Míniú ar ról an Ionadaí Ceardchumainn agus ar ról an Bhainisteora Acmhainní Daonna | **Marcanna (8)** |
|---|---|
| Is é ról an Ionadaí Ceardchumainn **ionadaíocht a dhéanamh ar son na bhfostaithe** nuair a thagann díospóidí chun cinn agus nuair a chaithfear réitigh a chaibidliú. | 2 + 2 |
| Is é ról an Bhainisteora Acmhainní Daonna **ionadaíocht a dhéanamh ar son an fhostóra** nuair a thagann díospóidí chun cinn agus nuair a chaithfear réitigh a chaibidliú. | 2 + 2 |

**(A)** (ii)

| | **Seachas cúrsaí pá tabhair dhá chúis a dtarlaíonn díospóidí caidreamh tionsclaíoch** | **Marcanna (8)** |
|---|---|---|
| 1 | Dálaí oibre nach bhfuil sábháilte. | 2 + 2 |
| 2 | Fostaithe a bhriseadh óna bpost gan cúis iomchuí. | 2 + 2 |

**(A)** (iii)

| | **Trí chineál gníomhaíocht thionsclaíoch** | **Marcanna (9)** |
|---|---|---|
| 1 | Stopann fostaithe ag obair (stalc oifigiúil) agus cuireann siad picéad ar áitreabh an fhostóra | 1 + 2 |
| 2 | Oibríonn na fostaithe de réir rialach trí gan níos mó oibre a dhéanamh ná mar a éilítear faoina gconradh. | 1 + 2 |
| 3 | Cosc ar ragobair; ní féidir le fostaithe oibriú níos faide ná na huaireanta faoina gconradh. | 1 + 2 |

**(B)** (i)

| **Freagra** | **Obair** | **Marcanna (8)** |
|---|---|---|
| €12.54 (4) | €11.50 + €1.035 (9% of €11.50) (1) (3) | 4 + 1 + 3 |

**(B)** (ii)

| **Míniú** | **Marcanna (4)** |
|---|---|
| Is éard is idir-réiteach ann an fostóir agus na fostaithe atá san aighneas a thabhairt le chéile chun cuidiú leo a ndíospóid a réiteach. | 2 + 2 |

**(B)** (iii)

| Tríú Páirtí Oiriúnach | Sampla | **Marcanna (3)** |
|---|---|---|
| | An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre | 3 |

**Achoimre na Marcanna**

| | |
|---|---|
| **A** | **25** |
| **B** | **15** |
| **Iomlán** | **40** |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 160 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 160 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 120 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 121 - 123 | 11 |
| 124 - 126 | 10 |
| 127 - 130 | 9 |
| 131 - 133 | 8 |
| 134 - 136 | 7 |
| 137 - 140 | 6 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 141 - 143 | 5 |
| 144 - 146 | 4 |
| 147 - 150 | 3 |
| 151 - 153 | 2 |
| 154 - 156 | 1 |
| 157 - 160 | 0 |